2025/424

6.3.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/424 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Márta 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2584 a mhéid a bhaineann le nuashonrú na gcaighdeán tagartha agus caighdeáin thagartha nua a chur leis

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), maidir le comhábhair idir-inoibritheachta agus fochórais atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis gur comhábhair agus fochórais iad atá i gcomhréir leis na buncheanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó leis na codanna sin díobh a leagtar amach sa Treoir sin.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 1057 ón gCoimisiún ([3]), rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir (AE) 2016/797.

(3) Na caighdeáin a rinne CEN agus Cenelec a dhréachtú nó a athbhreithniú, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN agus Cenelec féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin sin an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 1057.

(4) Na caighdeáin chomhchuibhithe, a rinne CEN agus Cenelec a dhréachtú, a athbhreithniú agus a leasú ar bhonn Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 1057, sásaíonn siad na ceanglais uile is aidhm dóibh a chumhdach, seachas na caighdeáin EN 15313:2024 agus EN 16207:2024. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí a bhaineann leis na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(5) Le caighdeán EN 50716:2023, laistigh de theorainneacha a raon feidhme, ba cheart a thabhairt le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le ceanglais áirithe de Rialachán (AE) 2016/919 ([4]) ón gCoimisiún, a mhéid a bhfuil feidhm ag Airteagal 14 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ([5]) ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí a bhaineann leis an gcaighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 1057 final ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2023 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil a mhéid a bhaineann le táirgí, chun tacú le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([4]) Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais ‘um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht’ an chórais iarnróid san Aontas Eorpach (IO L 158, 15.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/919/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 maidir leis an tsonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/919 (IO L 222, 8.9.2023, lch. 380, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1695/oj).

(6) I leith chaighdeán EN 16207:2024, agus maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár cheart a thabhairt le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann ach le haghaidh phointí 4.2.4.8.2 (2) agus (4) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin de réir Iarscríbhinn ZA den chaighdeán, agus pointe 4.2.4.8.2 (1) trí chlásal 8.1 den chaighdeán a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí a bhaineann leis an gcaighdeán sin a fhoilsiú, maille le srianta, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) A mhéid a bhaineann le caighdeán EN 15313:2024, i ndáil le pointí 4.2.3.5.2.1 agus 4.2.3.5.2.2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 agus pointí 4.2.3.6.2 go 4.2.3.6.5 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 321/2013, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár cheart na lamháltais a thugtar leis an gcaighdeán a charnadh leis na luachanna a leagtar síos sna pointí a luadh cheana, ba cheart na luachanna sna pointí sin a mheas mar luachanna teorann. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí a bhaineann leis an gcaighdeán sin a fhoilsiú, maille le srianta, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2584 ón gCoimisiún ([6]) a leasú dá réir sin.

(9) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuiltear i gcomhréir leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe. Mar sin féin, chun a ndóthain ama a thabhairt do na páirtithe leasmhara uile a bhfuil tionchar orthu iad féin a ullmhú do chur i bhfeidhm na gcaighdeán athbhreithnithe, ba cheart tarraingt siar na dtagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 14587-2:2009, EN 15313:2016, EN 15355:2019, EN 15624:2021, EN 16116-2:2021, EN 16286-1:2013, EN 45545-3:2013 agus EN 45545-4:2013 a chur siar go ceann 18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2584 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointí (1), (4), (6), (8), (10), (13), (15) agus (17) den Iarscríbhinn ón 6 Meán Fómhair 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2584 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2023 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le hidir-inoibritheacht na gcóras iarnróid a dréachtaíodh chun tacú le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2023/2584, 21.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2584/oj).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2584 mar a leanas:

(1) scriostar ró 29;

(2) cuirtear isteach an ró 29a seo a leanas:

‘29a.	EN 14587-2:2024; Feidhmeanna iarnróid – Bonneagar – Buntáthú splaince ráillí – Cuid 2: Ráillí gráid R200, R220, R260, R260Mn, R320Cr, R350HT, R350LHT, R370CrHT agus R400HT le hinnill táthúcháin shoghluaiste ag láithreáin eile seachas ionad seasta’;

(3) cuirtear na rónna 34a agus 34b seo a leanas isteach:

‘34a.	EN 15085-4:2023 Feidhmeanna iarnróid – Táthú feithiclí agus páirteanna iarnróid – Cuid 4: Ceanglais táirgthe

34b.	EN 15085-5:2023 Feidhmeanna iarnróid – Táthú feithiclí agus páirteanna iarnróid – Cuid 5: Cigireacht, tástáil agus doiciméadacht’;

(4) scriostar ró 39;

(5) cuirtear isteach an ró 39a seo a leanas:

‘39a.	EN 15313:2024 Feidhmeanna iarnróid – Ceanglais maidir le hoibriú foirne roth inseirbhíse – Cothabháil sheachtrach agus inseirbhíse foirne roth Srian: Maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 an 18 Samhain 2014 ón gCoimisiún maidir le sonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheachta a bhaineann leis an bhfochóras ‘rothstoc – innill fhéinghluaiste agus rothstoc paisinéara’ den chóras iarnróid san Aontas Eorpach, pointí 4.2.3.5.2.1 agus 4.2.3.5.2.2 den Iarscríbhinn a bhaineann leis; agus Rialachán (AE) Uimh. 321/2013 ón gCoimisiún an 13 Márta 2013 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheachta a bhaineann le fochóras ‘rothstoc – vaigíní lastais’ an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/861/CE pointí 4.2.3.6.2 go 4.2.3.6.5: ní féidir na lamháltais a thugtar leis an gcaighdeán a charnadh leis na luachanna a leagtar síos sna pointí a luadh cheana, ní mór na luachanna sna pointí sin a mheas mar luachanna teorann’;

(6) scriostar ró 40;

(7) cuirtear isteach an ró 40a seo a leanas:

‘40a.	EN 15355:2019+A1:2023 Feidhmeanna iarnróid – Coscánú – Comhlaí dáileora agus gairis aonraithe dáileoirí’;

(8) scriostar ró 48;

(9) cuirtear isteach an ró 48a seo a leanas:

‘48a.	EN 15624:2021+A1:2024 Feidhmeanna iarnróid – Coscánú – Gairis athraithe folmha-lódáilte’;

(10) scriostar ró 58;

(11) cuirtear isteach an ró 58a seo a leanas:

‘58a.	EN 16116-2:2024 Feidhmeanna iarnróid – Ceanglais deartha maidir le céimeanna, ráillí láimhe agus rochtain ghaolmhar do bhaill foirne – Cuid 2: Vaigíní lastais’;

(12) cuirtear isteach an ró 61a seo a leanas:

‘61a.	EN 16207:2024 Feidhmeanna iarnróid – Coscánú – Critéir fheidhmiúla agus feidhmíochta córas coscáin mhaighnéadaigh ráillí le húsáid i rothstoc iarnróid Srian: Maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 an 18 Samhain 2014 ón gCoimisiún a bhaineann le sonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheachta maidir le fochóras‘rothstoc – innill fhéinghluaiste agus rothstoc paisinéara’ an chórais iarnróid san Aontas Eorpach, leis an gcaighdeán glactar leis go bhfuil comhréireacht ann leis na clásail 4.2.4.8.2 (2) agus (4) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin de réir Iarscríbhinn ZA den chaighdeán agus le clásal 4.2.4.8.2 (1) den Iarscríbhinn trí chlásal 8.1 den chaighdeán a chur i bhfeidhm’;

(13) scriostar ró 64;

(14) cuirtear isteach an ró 64a seo a leanas:

‘64a.	EN 16286-1:2024 Feidhmeanna iarnróid – Córas pasáistí idir feithiclí – Cuid 1: Príomhfheidhmeanna’;

(15) scriostar ró 89;

(16) cuirtear isteach an ró 89a seo a leanas:

‘89a.	EN 45545-3:2024 Feidhmeanna iarnróid – Cosaint dóiteáin ar fheithiclí iarnróid – Cuid 3: Ceanglais dó-obachta do thoitbhacainní’;

(17) scriostar ró 90;

(18) cuirtear isteach an ró 90a seo a leanas:

‘90a.	EN 45545-4:2024 Feidhmeanna iarnróid – Cosaint dóiteáin ar fheithiclí iarnróid – Cuid 4: Ceanglais maidir le sábháilteacht dóiteáin le haghaidh dearadh rothstoic’;

(19) cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna 104, 105 agus 106:

‘104.	EN 50463-1:2017 Feidhmeanna iarnróid – Tomhas fuinnimh ar bord traenacha – Cuid 1: Ginearálta EN 50463-1:2017/A1:2024

105.	EN 50463-2:2017 Feidhmeanna iarnróid – Tomhas fuinnimh ar bord traenacha – Cuid 2: Tomhas fuinnimh EN 50463-2:2017/A1:2024

106.	EN 50463-3:2017 Feidhmeanna iarnróid – Tomhas fuinnimh ar bord traenacha – Cuid 3: Láimhseáil sonraí EN 50463-3:2017/A1:2024’;

(20) cuirtear isteach an ró 114a seo a leanas:

‘114a.	EN 50716:2023 Feidhmeanna Iarnróid – Ceanglais maidir le forbairt bogearraí’.